An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20015/19**

**BXT 40**
**CO EUR 9**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (10 Aibreán 2019) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí[1], i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruinniú thuas.

---

1 Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an litir ón bPríomh-Aire Theresa May dar dáta an 5 Aibreán 2019, inar iarr sí go gcuirfí síneadh breise leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE.

2. Mar fhreagairt air sin, aontaíonn an Chomhairle Eorpach síneadh a bheith ann le gur féidir an Comhaontú um Tharraingt Siar a dhaingniú. Níor cheart an síneadh sin a bheith ann ach fad is gá, agus gan a bheith ann, in aon chás, tar éis 31 Deireadh Fómhair 2019. Má dhaingníonn an dá pháirtí an Comhaontú um Tharraingt Siar roimh an dáta sin, déanfar an tarraingt siar ar an gcéad lá den mhí dár gcionn.

3. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach féidir ceadú don síneadh dochar a dhéanamh do ghnáthfheidhmiú an Aontais gona institiúidí. Más Ballstát den Aontas fós an Ríocht Aontaithe ar an 23-26 Bealtaine 2019, agus mura mbeidh an Comhaontú um Tharraingt Siar daingnithe aici faoin 22 Bealtaine 2019, beidh uirthi na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chomóradh i gcomhréir le dlí an Aontais. Má chinneann ar an Ríocht Aontaithe seasamh leis an oibleagáid sin, déanfar an tarraingt siar ar an 1 Meitheamh 2019.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach bhféadfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a oscailt agus gur cheart d'aon ghealltanas nó ráiteas aontaobhach nó aon ghníomh aontaobhach eile a bheith ag luí le fuarlitir agus le spiorad an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus gan a chur chun feidhme a bhacadh.

5. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach bhféadfar an síneadh sin a úsáid chun tús a chur leis an gcaibidlíocht faoin gcaidreamh a bheidh ann sa todhchaí. Dá dtiocfadh athrú, áfach, ar sheasamh na Ríochta Aontaithe, bheadh an Chomhairle Eorpach sásta athmhachnamh a dhéanamh ar an Dearbhú Polaitiúil maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí i gcomhréir leis na seasaimh agus leis na prionsabail a luaitear ina cuid treoirlínte agus ráiteas, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le raon feidhme críochach an chaidrimh sa todhchaí.

6. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina Ballstát i gcaitheamh thréimhse an tsínidh, agus go mbeidh aici gach ceart agus uirthi gach oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 50 CAE, agus go bhfuil an ceart aici an fógra a thug sí a chúlghairm tráth ar bith.

7. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an gealltanas a thug an Ríocht Aontaithe gníomhú go cuiditheach agus go freagrach i gcaitheamh thréimhse an tsínidh i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis agus tá sí ag súil go gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe an gealltanas agus an dualgas conarthach sin ar mhodh a léireoidh a cás mar Bhallstát atá ag tarraingt siar. Chuige sin, éascóidh an Ríocht Aontaithe gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh sí ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt, go háirithe nuair a bheidh sí rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta an Aontais.

8. I dteannta na gcruinnithe faoi Airteagal 50 CAE, leanfaidh na 27 mBallstát agus an Coimisiún le cruinnithe a bheith acu ar leithligh agus i gcás inarb iomchuí le chéile le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais ar gach leibhéal chun na hábhair a bhaineann leis an gcás tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a phlé.

9. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú agus athbhreithneoidh sí a mbeidh déanta de dhul chun cinn ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2019.